AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.4.2024
COM(2024) 170 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna tabhairt don Choimisiún de bhun Threoir 2001/18/CE maidir le scaoileadh orgánach géinmhodhnaithe amach d'aon ghnó sa chomhshaol agus Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 maidir le hinrianaitheacht agus lipéadú orgánach géinmhodhnaithe agus inrianaitheacht táirgí bia agus beatha a tháirgtear ó orgánaigh ghéinmhodhnaithe

TUARASCÁIL ÓN GCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA HEORPA AGUS CHUIG AN GCOMHAIRLE

maidir le feidhmiú na cumhachta chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh arna tabhairt don Choimisiún de bhun Threoir 2001/18/CE maidir le scaoileadh orgánach géinmhodhnaithe amach d'aon ghnó sa chomhshaol agus Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 maidir le hinrianaitheacht agus lipéadú orgánach géinmhodhnaithe agus inrianaitheacht táirgí bia agus beatha a tháirgtear ó orgánaigh ghéinmhodhnaithe

1. RÉAMHRÁ

Tá Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scaoileadh orgánach géinmhodhnaithe (OGManna) amach d'aon ghnó sa chomhshaol[1] agus Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le hinrianaitheacht agus lipéadú OGManna agus inrianaitheacht táirgí bia agus beatha a tháirgtear ó OGManna, ar[2] dhá cheann de bhunchlocha éagsúla chreat dlíthiúil an Aontais maidir le OGManna.

Is é cuspóir Threoir 2001/18/CE dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a chomhfhogasú agus sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint agus OGManna á scaoileadh amach d'aon ghnó sa chomhshaol chun aon chríche eile seachas iad a chur ar an margadh laistigh den Aontas agus nuair a bhíonn OGManna á gcur ar an margadh mar tháirgí nó i dtáirgí laistigh den Aontas.

Le Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 soláthraítear creat maidir le hinrianaitheacht táirgí arb é atá iontu OGManna nó ina bhfuil OGManna, agus bia agus beatha a tháirgtear ó OGManna, agus é mar chuspóirí aige lipéadú cruinn a éascú, faireachán a dhéanamh ar na héifeachtaí ar an gcomhshaol agus, i gcás inarb iomchuí, ar an tsláinte, agus cur chun feidhme na mbeart bainistithe riosca iomchuí.

2. BUNÚS DLÍ

Le Treoir 2001/18/CE, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 29a(2), d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

- critéir mhaolúcháin agus ceanglais faisnéise a bhunú chun fógra a thabhairt maidir le cineálacha áirithe OGManna a chur ar an margadh, dá bhforáiltear in Airteagal 16(2),
- tairseacha íosta a bhunú nach gá táirgí a lipéadú mar OGManna faoina mbun, ar táirgí iad nach féidir rianta taismeacha d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe údaraithe nó rianta díobh nach féidir a sheachaint go teicniúil a chur as an áireamh ina leith, mar a fhoráiltear in Airteagal 21(2),

[1] Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh orgánach géinmhodhnaithe amach d'aon ghnó sa chomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle, IO L 106, 17.4.2001, lch. 1.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le hinrianaitheacht agus lipéadú orgánach géinmhodhnaithe agus inrianaitheacht táirgí bia agus beatha a tháirgtear ó orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/18/CE (IO L 268, 18.10.2003, lch. 24).

- lena mbunaítear tairseacha níos ísle ná 0.9 %, nach mbeidh feidhm faoina mbun ag na ceanglais lipéadaithe a leagtar amach sa Treoir maidir le rianta OGManna i dtáirgí atá beartaithe lena bpróiseáil go díreach, dá bhforáiltear in Airteagal 21(3),
- ceanglais shonracha lipéadaithe a bhunú le haghaidh OGManna nach gcuirtear ar an margadh de réir bhrí na Treorach sin, dá bhforáiltear in Airteagal 26(2),
- na hIarscríbhinní a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, dá bhforáiltear in Airteagal 27.

Le Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 9a(2), chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí chóras chun aitheantóirí uathúla a fhorbairt agus a shannadh do OGManna a bhunú agus a oiriúnú, dá bhforáiltear in Airteagal 8.

De bhun Airteagal 29a(2) de Threoir 2001/18/CE agus Airteagal 9a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir leis na hábhair a liostaítear iontu go ceann tréimhse 5 bliana ón 26 Iúil 2019. Cuireann an Coimisiún an tuarascáil seo maidir le feidhmiú tharmligean na cumhachta le linn na tréimhse 5 bliana sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, de réir mar is gá sa dá chás. Cuirfear síneadh le tarmligean na cumhachta go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an tsínidh sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. AN TARMLIGEAN A FHEIDHMIÚ

3.1. CUMHACHTUITHE A ÚSÁIDEADH LE LINN NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

Le linn na tréimhse tuairiscithe, d'úsáid an Coimisiún cumhachtú amháin, mar a thuairiscítear thíos.

- Airteagal 27 de Threoir 2001/18/CE

  Le hAirteagal 27 de Threoir 2001/18/CE tugtar de chumhacht don Choimisiún Iarscríbhinní áirithe a ghabhann leis an Treoir sin a leasú (Ranna C agus D d'Iarscríbhinn II, Iarscríbhinní III go VI, agus Roinn C d'Iarscríbhinn VII) chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil. An 8 Márta 2018, ghlac an Coimisiún Treoir (AE) 2018/350 ón gCoimisiún lena leasaítear Treoir 2001/18/CE a mhéid a bhaineann le measúnú riosca comhshaoil ar OGManna[3]. Leis an Treoir seo, leasaíodh Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Treoir 2001/18/CE chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil, go háirithe gnéithe riachtanacha na treoraíochta athbhreithnithe ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) maidir leis an measúnú riosca comhshaoil ar phlandaí GM[4].

[3] Treoir (AE) 2018/350 ón gCoimisiún an 8 Márta 2018 lena leasaítear Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an measúnú riosca comhshaoil ar orgánaigh ghéinmhodhnaithe, IO L 67, 9.3.2018, lch. 30.

[4] Painéal an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ar OGM, Treoraíocht maidir leis an measúnú riosca comhshaoil ar phlandaí géinmhodhnaithe. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2010;8(11):1879.doi:10.2903/j.efsa.2010.1879. www.efsa.europa.eu/efsajournal.htm

3.2. CUMHACHTUITHE NÁR ÚSÁIDEADH LE LINN NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

Níor úsáideadh cumhachtuithe áirithe le linn na tréimhse tuairiscithe ar na cúiseanna a mhínítear thíos.

- Airteagal 16(2) de Threoir 2001/18/CE

  Le hAirteagal 16 de Threoir 2001/18/CE, ceadaítear d'údarás inniúil Ballstáit, nó don Choimisiún ar a thionscnamh féin, togra a dhéanamh maidir leis na critéir agus na ceanglais faisnéise atá le comhlíonadh agus fógra á thabhairt maidir le cineálacha áirithe OGManna a chur ar an margadh, rud a thiocfadh in ionad na gceanglas caighdeánach a leagtar amach faoi Airteagal 13(2) den Treoir. Dá nglacfaí an gníomh tarmligthe lena mbunófaí na critéir shonracha agus na ceanglais shonracha faisnéise, sa bhreis ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 29a den Treoir a chomhlíonadh, bheadh gá le comhairliúchán leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus le tréimhse i ndáil le barúlacha don phobal. Níl aon togra déanta ag aon údarás inniúil Ballstáit ná ag an gCoimisiún faoin Airteagal seo. Go háirithe, sa tréimhse thuairiscithe, bunaithe ar an líon teoranta fógraí a fuarthas faoin Treoir sin maidir le OGManna a chur ar an margadh mar tháirgí nó i dtáirgí, mheas an Coimisiún go raibh na ceanglais chaighdeánacha a leagtar amach faoi Airteagal 13(2) den Treoir iomchuí. Dá bhrí sin, níor bhain an Coimisiún úsáid as an gcumhacht tharmligthe sin go fóill.

- Airteagal 21(2) de Threoir 2001/18/CE

  Le hAirteagal 21(2) de Threoir 2001/18/CE tugtar de chumhacht don Choimisiún an Treoir sin a fhorlíonadh trí thairseacha íosta a bhunú nach gá táirgí a lipéadú mar OGManna faoina mbun, ar táirgí iad nach féidir rianta taismeacha d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe údaraithe nó rianta díobh nach féidir a sheachaint go teicniúil a chur as an áireamh ina leith. Tá leibhéil tairsí le bunú i gcomhréir leis an táirge lena mbaineann. Maidir le táirgí atá beartaithe le haghaidh próiseáil dhíreach, agus le haghaidh bia agus beatha, tá tairseacha maidir le láithreacht thaismeach ábhair GM nó láithreacht ábhair GM nach féidir a sheachaint go teicniúil bunaithe cheana féin le hAirteagal 21(3) de Threoir 2001/18/CE agus le hAirteagail 12(2) agus 24(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,[5] faoi seach.

  Níor bhain an Coimisiún úsáid as an gcumhacht tharmligthe sin go fóill. Sa tréimhse thuairiscithe, dhírigh an obair ar chur i bhfeidhm cothrom an 'neamhfhulaingthe' a áirithiú, rud is infheidhme in éagmais tairsí, maidir le síolta.[6]

[5] Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia agus beatha ghéinmhodhnaithe (IO L 268, 18.10.2003, lch. 1).

[6] Cóineasú na tástála síl, arna fhormhuiníodh le linn chruinniú Choiste Rialála Threoir 2001/18/CE a tionóladh an 4 Meitheamh 2020. https://food.ec.europa.eu/system/files/2020-07/reg-com_2001-18-ec_20200604_result_seed-testing-convergence.pdf

- Airteagal 21(3) de Threoir 2001/18/CE

  Maidir le táirgí atá beartaithe lena bpróiseáil go díreach, bunaítear le hAirteagal 21(3), an chéad fhomhír, de Threoir 2001/18/CE tairseach 0.9 %, ar faoina bun nach mbeidh feidhm ag na ceanglais lipéadaithe OGM maidir le rianta taismeacha d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe údaraithe nó rianta díobh nach féidir a sheachaint go teicniúil. Le hAirteagal 21(3), an dara fomhír, de Threoir 2001/18/CE, tugtar de chumhacht don Choimisiún an Treoir sin a fhorlíonadh trí thairseacha níos ísle a bhunú le haghaidh na dtáirgí sin. Sa tréimhse thuairiscithe, mheas an Coimisiún go raibh an tairseach 0.9 % iomchuí agus éifeachtach. Dá bhrí sin, níor bhain an Coimisiún úsáid fós as an gcumhacht tharmligthe chun tairseacha níos ísle a bhunú le haghaidh na dtáirgí sin.

- Airteagal 26(2) de Threoir 2001/18/CE

  Baineann Airteagal 26 de Threoir 2001/18/CE le lipéadú OGManna atá le cur ar fáil le haghaidh oibríochtaí nach meastar gur cur ar an margadh atá i gceist leo, dá dtagraítear faoi Airteagal 2(4), an dara fomhír (OGManna a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí úsáide imshrianta nó scaoileadh amach d'aon ghnó a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i gCuid B de Threoir 2001/18/CE). In Airteagal 26(1) i gcomhar le hIarscríbhinn IV leagtar amach ceanglais lipéadaithe le haghaidh na OGManna sin. Le hAirteagal 26(2) tugtar de chumhacht don Choimisiún Iarscríbhinn IV a leasú trí cheanglais shonracha lipéadaithe a bhunú le haghaidh na OGManna sin. Sa tréimhse thuairiscithe, mheas an Coimisiún go raibh na ceanglais lipéadaithe sna ranna ábhartha d'Iarscríbhinn IV oiriúnach do na OGManna sin. Dá bhrí sin, níor bhain an Coimisiún úsáid as an gcumhacht tharmligthe sin go fóill.

- Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003

  Le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 tugtar de chumhacht don Choimisiún an Rialachán sin a fhorlíonadh trí chóras chun aitheantóirí uathúla a fhorbairt agus a shannadh do OGManna a bhunú agus a oiriúnú, agus forbairtí i bhfóraim idirnáisiúnta á gcur san áireamh. Tháinig Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2004 lena mbunaítear córas chun aitheantóirí uathúla le haghaidh OGManna a fhorbairt agus a shannadh[7] i bhfeidhm an 16 Eanáir 2004. Glacadh an gníomh seo bunaithe ar Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 sa leagan de a bhí infheidhme go dtí an 26 Iúil 2019. I gcomhréir leis an gcumhacht tharmligthe, féadfar é a athbhreithniú amach anseo chun an córas a oiriúnú chun aitheantóirí uathúla a fhorbairt agus a shannadh más gá.

4. CONCLÚID

Measann an Coimisiún gur gá síneadh intuigthe a chur le tarmligean na cumhachta maidir leis na hábhair a liostaítear in Airteagal 29a(2) de Threoir 2001/18/CE agus in Airteagal 9a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 go ceann tréimhse 5 bliana amhail ón 26 Iúil 2024, i gcomhréir leis na hAirteagail sin. Níor tháinig athrú ar an réasúnaíocht atá le tarmligean na

[7] Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2004 lena mbunaítear córas chun aitheantóirí uathúla d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe a fhorbairt agus a shannadh (IO L 10, 16.1.2004, lch. 5).

cumhachta. Tá siad tábhachtach chun an tsolúbthacht is gá sa chreat dlíthiúil a choinneáil, chun é a oiriúnú d'fhorbairtí eolaíocha, forbairtí teicneolaíocha agus forbairtí eile agus don taithí a fuarthas le linn chur i bhfeidhm an chreata, agus chun deis a thabhairt don Choimisiún gníomhú sna réimsí nár ghníomhaigh sé iontu go dtí seo, ach go bhféadfadh gá a bheith aige gníomhú iontu amach anseo. Dá bhrí sin, tá na cumhachtaí a dheonaítear tábhachtach chun cuspóirí Threoir 2001/18/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 a bhaint amach.

Leis an tuarascáil seo, comhlíonann an Coimisiún na ceanglais tuairiscithe a bunaíodh in Airteagal 29a(2) de Threoir 2001/18/CE agus in Airteagal 9a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.